Thiobraid Árann Theas

PLEAN OIDHREACHTA

2004 – 2008

Fís straitéiseach, chomhpháirtíocht-bhunaithe d'oidhreacht Thiobraid Árann Theas

Forbartha ag Fóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas,
éascaithe ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas

Buíochas

Is mian le Fóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas aitheantas a thabhairt don obair a rinne, mar aon leis an cúnamh a thug, foireann na Comhairle Contae (an tOifigeach Oidhreachta, Coimeádaí na hIarsmalainne, rannóg Pobail agus Fiontraíochta na Comhairle agus, suas le Márta 2004, an tOifigeach Caomhnaithe) le linn próisis ullmhúcháin an Phlean Oidhreachta.

Is mian le Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas buíochas a ghabháil leis an gComhairle Oidhreachta as ucht na tacaíochta airgeadais a chur sí ar fáil chun Oifigeach Oidhreachta a fhostú idir Eanáir 2002 agus Eanáir 2005, agus as ucht tionscadail a mhaoiniú sa Dréacht-Phlean i rith 2004.

Le tuilleadh eolais a fháil téigh i dteagmháil le:
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas
Áras an Chontae
CLUAIN MEALA
Contae Thiobraid Árann
ÉIRE

Guthán: 052 34455
Facs: 052 24355 / 23228
Nó trí ríomhphost ag: secretary@southtippcoco.ie

www.southtippcoco.ie
www.southtippheritage.ie

Thacaigh an Chomhairle Oidhreachta le forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Thiobraid Árann Theas. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle Oidhreachta le tuilleadh eolais a fháil:

An Chomhairle Oidhreachta,
Teach Rothe,
CILL CHAINNIGH
ÉIRE

Guthán: 056 7770777
Facs: 056 7770788
Ríomhphost: mail@heritagecouncil.com
Láithreán Gréasáin: www.heritagecouncil.ie

Clár Ábhair

	Leathanach
Brollach	
Teachtaireacht ó Chathaoirleach Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas	2
Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas	2
Teachtaireacht ó Bhainisteoir an Chontae	2
Réamhrá	3
Formáid an Phlean	5
Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí	6
Aguisíní	
An Próiseas de Phlean Oidhreachta Thiobraid Árann Theas a fhorbairt	25
Ballraíocht d'Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas	27
Reachtaíocht Ábhartha Náisiúnta agus AE	29
Leabharliosta	31

Brollach

Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Fhóraim Oidhreachta

Is mór an onóir domsa, mar Chathaoirleach ar Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas, an chéad Phlean Oidhreachta do Thiobraid Árann Theas a chur in bhur láthair. D'oibrigh an tOifigeach Oidhreachta, baill foirne eile ón gComhairle Contae, baill an Fhóraim Oidhreachta agus a ghrúpaí oibre agus réimse leathan daoine (níos mó ná 100 duine) a fhreastail ar chruinnithe comhairlithe poiblí nó a chur nithe i scríbhinn ar son fhorbairt an phlean, go dian dícheallach leis an bplean seo a chur i dtoll a chéile. Rinne na daoine seo ionadaíocht thar ceann réimse leathan eagraíochtaí: údaráis áitiúla; gníomhaireachtaí rialtais lárnacha; comhlachtaí reachtúla eile; Eagraíochtaí Neamh-Rialtais; grúpaí áitiúla pobal-bhunaithe, agus, i mórán cásanna, na daoine féin, mar shaoránaigh aonair a bhfuil suim acu a chinntiú go dtéann ár n-oidhreacht ar aghaidh chuig na glúine a thagann inár ndiaidh. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis na daoine ar fad a bhí páirteach sa phróiseas agus na daoine ar fad a bheidh páirteach i gcur i bhfeidhm an Phlean idir seo agus 2008.

An Comhairleoir Brendan Griffin

Teachtaireacht ón gCathaoirleach, Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas

Tá clú agus cáil ar Thiobraid Árann mar gheall ar a iománaíocht, a chapaill agus a chúnna. Ní bhaineann na gnéithe seo dár n-oidhreacht le clár oibre an phlean oidhreachta ach fós féin is dóigh liom gur fiú na gnéithe seo a lua, toisc gur chuid thábhachtach dúinn iad agus den dearcadh atá ag daoine eile orainn. Gné shoiléir eile d'oidhreacht Thiobraid Árann Theas ná Carraig Phádraig, Caiseal. Is fánach an leabhar ar stair, tírdhreach, cultúr, agus níos ginearálta, oidhreacht na hÉireann, nach bhfuil pictiúr de na foirgnimh eaglasta iontacha atá suite ar bharr Charraig Phádraig iontu, agus go deimhin is minic a bhíonn grianghraf den chineál sin le fáil ar chlúdaigh leabhar mór. Baineann níos mó le hoidhreacht Thiobraid Árann Theas ná na séipéil, na mainistreacha agus na hardeaglaisí atá ina shean-fhothraigh anois agus a mheallann turasóirí ó áiteanna ar fud an domhain. Mothaím gur cheart go mbeadh an oidhreacht ann ar an gcéad dul síos do mhuintir an Chontae, do na daoine a bhaineann slí bheatha amach anseo. Is minic go ndéanaimid, 'daoine áitiúla' dearmad ar an oidhreacht atá mórthimpeall orainn go dtí go mbíonn sé ró dhéanach an oidhreacht sin a chosaint ón saol nua-aimseartha agus ón bhforbairt. Tá ríméad orm tacú leis an bplean oidhreachta seo mar go dtarraingíonn sé aird na ndaoine agus go gcuireann sé iallach orainn an timpeallacht a bhfuil cónaí orainn inti a chosaint do na glúine atá le teacht.

An Comhairleoir Mattie McGrath Cathaoirleach

Teachtaireacht ó Bhainisteoir an Chontae, Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas

Bhí oidhreacht ar cheann de na tosaíochtaí a d'aithin mé d'obair na Comhairle Contae nuair a ceapadh mar Bhainisteoir an Chontae mé i 2002. Ós rud é gur fear Thiobraid Árann atá ionam féin go smior, agus tá an grá céanna agam is atá ag muintir an chontae seo ar fad dá bhfód dúchais, fáiltím roimh an gcéad phlean oidhreachta seo do Thiobraid Árann Theas mar thús nua do chosaint, bhainistíocht agus fheabhsú oidhreacht Thiobraid Árann Theas. Tá gealltanas tugtha ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas agus na Comhairlí eile sa Chontae, iad siúd a chlúdaíonn Buirg Chluain Meala agus na bailte de Charraig na Siúire, Chaiseal agus Thiobraid Árann, go gcuirfidh siad an plean i bhfeidhm sna blianta amach romhainn, a mhéid a cheadaíonn na hacmhainní atá acu a leithéid a dhéanamh. Ní féidir leis na Comhairlí an plean seo a chur i bhfeidhm leo féin áfach. Ní hamháin nach bhfuil a dóthain acmhainní againn leis an obair riachtanach ar fad a dhéanamh ach ní féidir linn oidhreacht ar thalamh daoine eile a bhainistiú. Ionas go n-éireoidh leis an bplean seo, agus táim cinnte go n-éireoidh, ní mór go mbeadh na páirtithe sóisialta ar fad gníomhach ann, ag obair i dteannta a chéile ar son leasa an uile dhuine agus níos tábhachtaí ná sin, ní mór duitse do chuid a dhéanamh ar son oidhreacht Thiobraid Árann Theas. Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chur le forbairt an Phlean seo, go háirithe an Chomhairle Oidhreachta, a chabhraigh le Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas ár nOifigeach Oidhreachta, an tUasal Brendan McSherry a fhostú.

Edmond O'Connor Bhainisteoir an Chontae

Réamhrá

Contae le saibhreas oidhreachta de gach chineál is ea Tiobraid Árann Theas, idir shraithradhairc scóipiúla Shliabh na mBan agus Ghleann Eatharlach, ardchrosa agus úsáid slinne in Áth Eine. Ó thaobh na staire agus na seandálaíochta de is sa chontae seo a bhí suíochán ríthe na Mumhan, i gCaiseal, agus is ann atá an suíomh ar caitheadh na hurchair tosaigh de Chogadh na Saoirse ag Soloheadbeg. In ainneoin go bhfuil an contae seo talamhiata, tá uiscebhealaí suntasacha i dTiobraid Árann Theas. Is í An tSiúir agus a craobh-aibhneacha a shníonn trí fhormhór an chontae, an t-uiscebhealach is tábhachtaí ann, agus ina theannta sin tacaíonn sí le raon éagsúil flóra agus fána.

Is í an aidhm a bhaineann leis an gcéad Phlean Oidhreachta do Thiobraid Árann Theas ná eolas, feasacht agus meas ar an raon leathan seo d'oidhreacht atá inár dtimpeall i dTiobraid Árann Theas a chruthú agus a chur chun cinn, ionas gur féidir cur leis agus é a chaomhnú do na glúine atá le teacht. Áiríonn an plean seo limistéar riaracháin Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas, mar aon le Buirg Chluain Meala agus na Bailte de Charraig na Siúire, Chaiseal agus Thiobraid Árann.

Cáipéis neamhreachtúil atá sa Phlean seo atá ullmhaithe ag Fóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas agus atá éascaithe ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas. San áireamh sa phlean tá comhphlean oibre comhaontaithe, cúig bliana do chomhpháirtíocht idir na heagraíochtaí éagsúla (deonacha, reachtúla agus údaráis áitiúil) agus daoine a bhfuil baint dhíreach acu le hoidhreacht Thiobraid Árann Theas.

Riachtanais an Rialtais maidir le Pleananna Oidhreachta Contae

Éilíonn An Plean Oidhreachta Náisiúnta (foilsithe ag an Rialtas i mí Aibreáin 2002), go mbunaíonn gach Údarás Áitiúil Fóram Oidhreachta agus go gcuireann siad Plean Oidhreachta (Gníomh 1.1) le chéile, mar aon le hOifigeach Oidhreachta (Gníomh 1.4) a fhostú. Forbraíodh an Plean Oidhreachta seo do Thiobraid Árann Theas le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, a bunaíodh faoin Acht Oidhreachta, 1995. Go ginearálta is éard atá sa Phlean seo ná na gnéithe sin den Oidhreacht Náisiúnta dá dtagraítear san Acht sin:

> *séadchomharthaí; nithe seandálaíochta; nithe oidhreachta; oidhreacht ailtireachta; flóra; fána; gnáthóga fiadhúlra; tírdhreacha; muirdhreacha; raicí; geolaíocht; gairdíní agus páirceanna oidhreachta agus uiscebhealaí intíre.*

Ní mór do Phlean Oidhreachta Thiobraid Árann Theas na gnéithe thuas a chur san áireamh, áit ar cuí, ach is féidir leis ábhair eile a chur san áireamh freisin, ábhair a shíleann pobal Thiobraid Árann Theas atá mar chuid dá n-oidhreacht.

Aidhm

Is í an aidhm a bhaineann le Plean Oidhreachta Thiobraid Árann Theas ná caomhnú, bainistiú agus forbairt oidhreacht an chontae a chomhordú, agus spreagadh a thabhairt don phobal bród a bheith orthu agus freagracht a ghlacadh i leith an Phlean a chur i bhfeidhm.

Ábhar an Phlean Oidhreachta.

Tá sraith gníomhaíochtaí a dhéanfar ar bhonn aontaithe, comhpháirtíochta, thar thréimhse chúig bliana (2004 go 2008), mar aon le cuspóirí straitéiseacha a chabhróidh chun a leithéid de ghníomhaíochtaí a bhaint amach le fáil sa Phlean Oidhreachta. Dhírigh próiseas forbartha an Phlean ar iarracht a dhéanamh amach céard a shíleann muintir Thiobraid Árann Theas atá i gceist lena n-oidhreacht féin, céard iad na tosaíochtaí atá acu agus ansin a aimsiú céard ar féidir a dhéanamh i ndáiríre leis an oidhreacht seo a chaomhnú agus a fheabhsú, leis na hacmhainní atá ar fáil.

Ról an Fhóraim Oidhreachta

Chun dlisteanacht, uilechuimsitheacht, agus níos tábhachtaí fós cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta a chinntiú, ba é Fóram Oidhreachta Contae a ullmhaigh é. Ainmníodh baill an Fhóraim seo as raon leathan eagraíochtaí agus grúpaí (féach Aguisín 2 le tuilleadh sonraí a fháil). Tá an Fóram féin ag cur tús le cur chuige comhpháirtíocht-bhunaithe maidir le hoidhreacht a chaomhnú i dTiobraid Árann Theas.

Giorrúcháin atá sa Phlean Oidhreachta Contae

CTI (CGO)	The Central Technical Institute (Cluain Meala) cuid den CGO (qv)
RGPTG	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
RCORA	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Piléar Feirmeoireachta	Eagraíochtaí na bhfeirmeoirí mar a oibríonn siad le chéile i gcomhpháirtíocht shóisialta, lena n-áirítear an IFA, ICSA, ICMSA, Macra na Feirme.
FoTG	Fame of Tipperary Group (grúpa cuimhneacháin ar stair mhíleata)
GMM	Galtee Mountain Meitheal, grúpa deonach daoine a dheisíonn cosáin
SGÉ	Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann
IHAI	Industrial Heritage Association of Ireland
KIO	Keep Ireland Open, comhlacht stocaireachta ar son rochtain phoiblí méadaithe
Eag Caomh Nád	Eagraíochtaí Caomhnaithe Nádúir (m.sh. BWI, IWT, Crann) go ginearálta
NfN	Networks for Nature (comhpháirtíocht náisiúnta d'fhál sceach)
FNOA	Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (RCORA)
SNMS	Séadchomharthaí Náisiúnta agus Maoin Stairiúil (RCORA)
NWWAC	National Waymarked Ways Advisory Committee (Comhairle Spóirt na hÉireann)
CAOD	Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt (áiríonn sé an tSiúir, An Fheoir, An Bhearú, An tSláine 7rl)
ETROD	Eagraíocht Turasóireachta Réigiún an Oirdheiscirt
FPDTÁT	Fóram Poiblí agus Deonach Thiobraid Árann Theas
Third Tipp Bgde CS	The Third Tipperary Brigade IRA commemorative society
GTACSO	Gréasán Thiobraid Árann de Chumainn Stairiúla agus Oidhreachta
VWT	Vincent Wildlife Trust (suim ar leith in ialtóga)

Formáid an Phlean Seo

Cuirtear na gníomhaíochtaí sa Dréacht-Phlean seo i láthair faoi thrí 'Phríomh-Réimse Feidhmíochta' (nó PRF), ag baint úsáide as rogha leagain amach na Comhairle Oidhreachta. Tugann an cur chuige seo na gníomhaíochtaí cosúla ar fad le chéile, is cuma faoi na hábhair oidhreachta lena mbaineann siad. Mar shampla, cuirtear na gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le bailiú, stóráil agus cur i láthair (nó infhaighteacht) d'fhaisnéis phríomhúil le chéile i ngrúpa amháin, is cuma má bhaineann an fhaisnéis le seanséipéil, cairéil, bogaigh nó leabharlanna mar shampla.

- ***PRF 1: Sonraí príomhúla a fháil agus a bhainistiú***
  Is í an chéad chéim loighciúil ná cinneadh a dhéanamh faoi na príomhshonraí fíorasacha, oidhreachta atá ag teastáil, na sonraí atá le fáil cheana féin, cá bhfuil na sonraí sin le fáil agus cén chaoi a bhfuil na sonraí sin á stóráil. Tar éis an mheasúnaithe tosaigh seo a dhéanamh, is féidir cinntí a dhéanamh faoin bhfaisnéis bhreise ar cheart a bhailiú nó taighde a dhéanamh uirthi agus ansin conas is féidir na sonraí oidhreachta seo a chur ar fáil d'úsáideoirí gairmiúla, sainúsáideoirí (taighdeoirí, comhlachtaí stáit, údaráis áitiúla).

- ***PRF 2: Léirmhíniú agus rannpháirtíocht méadaithe i measc an phobail***
  Ansin is féidir faisnéis a fhaightear ó na sonraí oidhreachta príomhúla seo, arbh fhéidir sonraí oidhreachta "tánaisteacha" nó "léirmhínithe" a thabhairt orthu, a chur ar fáil do dhá ghrúpa úsáideoirí eile. An chéad ghrúpa, atá faoi chaibidil i PRF 2, ná an pobal i gcoitinne, lena n-áirítear: muintir na háite, feirmeoirí, páistí scoile, cnocadóirí, léitheoirí nuachtán 7rl, cuairteoirí ó cheantair eile den tír agus turasóirí ó thíortha thar lear. I dtéarmaí léirmhínithe agus rannpháirtíochta an phobail, is í an aidhm atá ann ná na nithe seo a leanas a mhéadú:
  i) feasacht an phobail ar an oidhreacht, an meas atá acu uirthi agus an imní a bhíonn orthu faoina caomhnú agus sult a bhaint as an oidhreacht
  agus
  ii) páirteachas i ngníomhaíochtaí oidhreachta (faisnéis, cáipéisí agus déantáin a thabhairt do na húdaráis chuí).

- ***PRF 3: Cleachtas reatha a fheabhsú***
  Is iad cleachtóirí gairmiúla an dara spriocghrúpa daoine a mbíonn tionchar díreach acu ar an oidhreacht ar bhealaí suntasacha agus daoine a bhfuil súil leis go n-athróidh siad n-iompair ar son leasa na hoidhreachta. Is daoine iad seo ar féidir lena ngnáth-ghníomhaíochtaí laethúla oibre agus lena ngnáthchleachtas gnó damáiste a dhéanamh don oidhreacht nó í a fheabhsú. San áireamh sa chatagóir seo tá: Baill tofa agus foireann ón Údarás Áitiúil (lena n-áirítear: pleanálaithe; ceantair-, sláintíochta-, innealtóirí bóthair- agus tithíochta-), múinteoirí, feirmeoirí, foireann Theagasc, an Roinn Talmhaíochta agus Bia, Coillte agus Boird Iascaigh mar aon le comhairleoirí agus conraitheoirí talmhaíochta príobháideacha, pleanálaithe REPS, tógálaithe agus forbróirí, ailtirí, gníomhairí pleanála agus gníomhairí eastáit agus aturnaetha. B'fhéidir go mbeadh úinéirí tithe, úinéirí talún agus tógálaithe tithe neamhthráchtála san áireamh sa chatagóir seo freisin. Tuigtear le cleachtas reatha a fheabhsú go n-áirítear cleachtais nua (agus tionscadail nua) nach ndearnadh anseo cheana. San áireamh anseo b'fhéidir go mbeadh boscaí d'éin nó d'ialtóga a sholáthar nó láithreacha beathaithe éan bainistithe, rochtain feabhsaithe ar shuímh oidhreachta a sholáthar agus cosáin agus féarbhealaí a fhorbairt.

Cuspóir 1:
Bunachar sonraí oidhreachta cuimsitheach a bhunú do Thiobraid Árann Theas agus rochtain ar fhaisnéis oidhreachta a chinntiú do gach uile dhuine a bhfuil faisnéis dá leithéid ag teastáil uathu.

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
1.1 Bunachar sonraí cuimsitheach oidhreachta a fhorbairt do Thiobraid Árann Theas, a bhfuil bailiú sonraí príomha, suirbhéireacht 7rl. i gceist leis mar aon leis na sonraí scaipthe atá ann cheana féin a thabhairt le chéile. Beidh ról lárnach ag Iarsmalann an Chontae san fhaisnéis seo a bhailiú, a stóráil agus a chur ar fáil.	<u>Rochtain ar an tuath agus ar an oidhreacht</u> 1.1.1 Monatóireacht a dhéanamh ar iarrachtaí chun seasamh dlíthiúil dhliteanas áititheoirí agus tionscnóirí a bhunú i ndáil le Cearta Slí Poiblí (CSP) agus rochtain phoiblí ar cheantair cois abhann agus mhóintigh oscailte. 1.1.2 Suirbhé iomlán (ar pharóistí) agus comhairliú poiblí a dhéanamh ar an ábhar a cheapann daoine atá i CSP reatha, cosán tarraingthe idir an tSiúir agus Cluain Meala agus Carraig na Siúire san áireamh, agus cinneadh a dhéanamh faoin riachtanas atá ann (más ann dó) do Cheart Slí Poiblí nua a bhunú, trí chomhaontuithe leis na húinéirí talún ábhartha. 1.1.3 Clár poiblí de Chearta Slí Poiblí comhaontaithe a chruthú (cosáin mharcaíochta agus rotharbhealaí san áireamh). 1.1.4 Faisnéis faoi charraigeacha Aifrinn, cosáin Aifrinn agus Aifrinn amuigh faon aer mar aon le hoilithreachtaí agus laethanta pátrúin a thabhairt le chéile. Féilire bliantúil a chruthú do na deoisí ar fad i dTiobraid Árann Theas.	Fóram Oidhreachta Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas Cartlannaí Piléar Feirmeoireachta KIO Comhairle Oidhreachta NWWAC Scoileanna Deoisí Paróistí	Gearrthé armach
	<u>Oidhreacht tógtha</u> 1.1.5 Suirbhé a dhéanamh ar stíleanna na bhfoirgneamh dúchasach éagsúil i dTiobraid Árann Theas. 1.1.6 Suirbhé a dhéanamh agus clár a chur le chéile de na tithe ceann tuí (agus tithe a raibh ceann tuí orthu tráth ar féidir a dheisiú) ar fad i dTiobraid Árann Theas. Tithe ceann tuí eiseamláireacha a chur leis an TSC ábhartha. 1.1.7 Liostaí reiligí don Chontae (reiligí ó aimsir an ghorta san áireamh) a chríochnú.	Fóram Oidhreachta Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas SNMS FNOA GTACSO LEADER FÁS Daoniarsmalann Chaiseal	Gearrthé armach

Cuspóir 1:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	1.1.8 Suirbhé a dhéanamh ar leachtanna cuimhneacháin agus séadchomharthaí cogaidh uile an Chontae. 1.1.9 An suirbhé seandálaíochta de Thiobraid Árann Theas a chríochnú. 1.1.10 An fardal ailtireachta de Thiobraid Árann Theas a chríochnú.		Fadtéarmach
	<u>Oidhreacht cheardaíochta</u> 1.1.11 Clár a chur le chéile de na ceirdeanna ar fad a cleachtadh go traidisiúnta i dTiobraid Árann Theas. 1.1.12 Clár a chruthú de na ceardaithe ar fad atá i mbun oibre sa Chontae faoi láthair.	Daoniarsmalann Chaiseal Craft Granary LEADER	Gearrthéarmach
	<u>Oidhreacht nádúrtha</u> 1.1.13 Leabharliosta tagartha a chur le chéile d'oidhreacht nádúrtha Thiobraid Árann Theas. 1.1.14 Suirbhé a dhéanamh sa Chontae ar fhiadhúlra dofhaighte, i mbaol agus speisialta, mar shampla, an tSead Fhallacsach, an tuirne lín agus an lon creige (níl gá le suirbhé ar an ngnáthóg ghinearálta). Suirbhé a dhéanamh ar choilíneachtaí uile na ngabhlán gainimh sa Chontae. 1.1.15 Suirbhé a dhéanamh ar na daonraí ialtóg agus suímh fara uile sa Chontae. 1.1.16 Suímh bhreise a mbaineann tábhacht caomhnaithe dúlra áitiúil nó réigiúnach leo a aithint. 1.1.17 Aithint agus ainmniú shuímh oidhreachta gheolaíocha a chríochnú. 1.1.18 An Measúnú Carachtair Tírdhreacha a chríochnú (agus comhairliú air) . 1.1.19 Tuilemhánna príomhaibhneacha an Chontae a chur ar léarscáil, agus (iar)bhogaigh a aithint.	Fóram Oidhreachta An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra Coillte SGÉ Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas Oifig na nOibreacha Poiblí Birdwatch Ireland, Institiúid Thiobraid Árann Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt VWT An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta	Gearrthéarmach go Méantéarmach

Cuspóir 1:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	<u>Eile/Ginearálta</u> 1.1.20 Pobalbhreith a dhéanamh sa Chontae le fáil amach céard a cheapann muintir Thiobraid Árann Theas faoin oidhreacht, céard iad na tosaíochtaí atá acu agus cé chomh dáiríre agus atá siad faoi chosaint na hoidhreachta (agus í mar aidhm athrú sa todhchaí a thomhas). 1.1.21 Measúnú a dhéanamh ar an méid a dhéanann Ionaid agus Iarsmalanna Oidhreachta áitiúla agus an luach agus na riachtanais a bhíonn acu, d'fhonn cabhrú leo chun an méid a chuireann siad le hoidhreacht an Chontae.	CTI (CGO) Comhairle Oidhreachta Iarsmalann an Chontae	Gearrthé armach
1.2 Rochtain ar fhaisnéis phríomhúil, fhíorasach ar oidhreacht an Chontae a éascú (do thaighdeoirí, mhic léinn agus ghairmithe) – trí (Chomh) Sheirbhísí Leabharlainne, Iarsmalainne agus Cartlainne na Comhairle Contae	<u>An leibhéal reatha rochtana ar shonraí oidhreachta a chinneadh</u> 1.2.1 Athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar infhaighteacht reatha faisnéise ar an acmhainn chosanta seandálaíochta, ailtireachta agus fiadhúlra laistigh den chontae.	Fóram Oidhreachta Iarsmalann an Chontae	Gearrthé armach
	<u>Rochtain ar fhaisnéis oidhreachta a fheabhsú trí láithreán gréasáin na Comhairle Contae</u> 1.2.2 Láithreán gréasáin d'Oidhreacht Thiobraid Árann Theas a fhorbairt, a bheidh á chothabháil ag an gComhairle Oidhreachta 1.2.3 Faisnéisz oidhreachta atá ar 'Chóras Faisnéise Geografach' na Comhairle Contae a chur ar fáil trí láithreán gréasáin na Comhairle Contae (GIS Idirlín). Thugadh sé seo cead do bhaill den phobal féachaint ar na nithe seo a leanas agus iad a chuardach: seanléarscáileanna, Taifead na Leachtanna agus na nÁiteanna, Taifid ar Struchtúir Chosanta (TSC) na gComhairlí éagsúla agus liostaí reilige agus na suímh éiceolaíocha (pNHA, cSAC agus cSPA) agus gheolaíocha ar fad sa Chontae. Ba	Fóram Oidhreachta Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas Eag Caomh Nád	Gearrthé armach

Cuspóir 1:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	cheart go mbeadh leaganacha oifigiúla, ceadaithe Gaeilge de na logainmneacha ar fad, léarscáileanna a thaispeánann na tuilemhánna abhann ar fad agus faisnéis ar ghnáthóga fiadhúlra áitiúla (nó nach bhfuil ainmnithe ar bhonn náisiúnta go fóill) le fáil sa GIS. D'fhéadfadh sé sonraí ó nó nasc díreach chuig suímh agus taifid ó chumainn dheonacha áitiúla agus náisiúnta a chur san áireamh freisin.		
	1.2.4 Tacú le hiarrachtaí chun Ionad Náisiúnta do Thaifid Bhitheolaíocha a fhorbairt trí shonraí a chur ar fáil.		
	<u>Seirbhís Iarsmalainne na Comhairle Contae</u>		
	1.2.5 Catalóg suas chun dáta d'ábhair atá in Iarsmalann an Chontae a choimeád.	Iarsmalann an Chontae	Meántéarmach
	1.2.6 Catalóg bailiúcháin Iarsmalann an Chontae a chur ar-líne (le híomhánna de na hábhair), ionas gur féidir le daoine na hábhair atá san iarsmalann a fheiceáil agus cá bhfuil na hábhair a thug siad féin don iarsmalann (fiú amháin mura bhfuil na hábhair sin ar taispeáint go fóill).	Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	
	<u>Seirbhís Chartlainne na Comhairle Contae</u>		
	1.2.7 Oifig Chartlainne Phoiblí a fhorbairt, mar aon le catalóg ar-líne don phobal.	Cartlannaí Co. Co. Thiobraid Árann Theas	Gearrthéarmach
	<u>Comh) Leabharlanna Thiobraid Árann</u>		
	(NB Tá seirbhís Leabharlainne Contae amháin idir Tiobraid Árann Thuaidh agus Tiobraid Árann Theas)	Fóram Oidhreachta Comh-Leabharlanna Thiobraid Árann	Gearrthéarmach go Méantéarmach
	1.2.8 Na príomhfhoilseacháin agus páipéir thaighde a bhaineann le hoidhreacht nádúrtha an Chontae a bhailiú agus bailiúchán lárnach sonraí bitheolaíocha agus geolaíocha a bhailiú, ar a dtabharfar "Bailiúchán d'Oidhreacht Nádúrtha Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas" agus a bheidh ar fáil i Leabharlann	Cumann Stairiúil Thiobraid Árann Eag Caomh Nád, Institiúid Thiobraid Árann Oifigeach For-Rochtana	

Cuspóir 1:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí		Comhpháirtithe Molta	Dlite
		Phoiblí Chluain Meala agus a chuirfidh níos mó acmhainní ar fáil sna leabharlannaí brainse amach anseo.	Iarsmalainne GTACSO	
	1.2.9	Cur leis an méid ábhair atá ar fáil ar staidéir áitiúla agus ar ghinealach i ngach leabharlann bhrainse, ábhar a bhaineann leis na ceantair áitiúla sin, m.sh. sainfhaisnéis faoi theach na mbocht áitiúil, beairicí míleata, cóipeanna de Dhaonáireamh 1901, Luacháil Griffith agus faisnéis ó Choimisiún Béaloidis na 1930idí don cheantar sin (i bhfoirm micreascannáin nó i bhfoirm páipéir). Faoi láthair níl na hacmhainní seo ar fáil ach i Roinn na Staidéar Áitiúil i gCeanncheathrú na Leabharlainne Contae i nDurlas (i dTiobraid Árann Thuaidh).		
	1.2.10	Eolaire (treoir), atá éasca le n-úsáid, a chur le chéile de na foinsí stairiúla príomha agus tánaisteacha do Chontae Thiobraid Árann ar fad (20 go 25 leathanach). Tá cóipeanna le bheith curtha ar fáil saor in aisce do gach leabharlann bhrainse agus cumann stairiúil agus beidh táille bheag le n-íoc ag an bpobal.		
	1.2.11	Catalóg phoiblí den bhailiúchán atá le fáil i Roinn na Staidéar Áitiúil sa Leabharlann Chontae (Durlas) a chur ar fáil do gach leabharlann bhrainse [Ba cheart go mbeadh fardal ríomhaire-bhunaithe a áiríonn stoc iomlán Chomh-Leabharlanna Thiobraid Árann ann freisin.]		
	1.2.12	Roinn na Staidéar Áitiúil i Leabharlann an Chontae a oscailt tráthnóna amháin in aghaidh na seachtaine nó ar an Satharn.		

Cuspóir 2:

Feasacht, tuiscint agus an taitneamh a bhaineann an pobal as oidhreacht Thiobraid Árann Theas a mhéadú.

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí		Comhpháirtithe Molta	Dlite
2.1 Feasacht ar oidhreacht an Chontae a mhéadú mar aon leis an tábhacht a bhaineann leis an oidhreacht i measc an phobail i gcoitinne, go háitiúil, go náisiúnta agus thar lear.	2.1.1	Tús a chur le feachtas chun Carraig Phádraig, Caiseal, a liostú mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda. Go mbeadh an Suíomh Oidhreachta Domhanda fairsing agus go mbeadh Mainistir Hore agus 'Mainistir' (Prióireacht) Athassel san áireamh ann.	Fóram Oidhreachta SNMS Iarsmalann an Chontae An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra RGPTG Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas IHAI SGÉ Ionaid Oidhreachta CAOD ETROD GTACSO Comhairle Contae Chill Chainnigh FNOA Comhairle Oidhreachta Bulmer's Comh-Leabharlanna Thiobraid Árann Seirbhís Fhoraoiseachta NfN	Gearrthé armach go Méantéar mach
	2.1.2	Taispeántais oidhreachta náisiúnta a thabhairt anseo, cosúil leis an taispeántas ar Fhuinneoga Saise.		
	2.1.3	Taispeántas suimiúil, daite agus faisnéiseach ar oidhreacht Thiobraid Árann Theas a chur le chéile, le n-úsáid mar chúlra tarraingteach ag imeachtaí a reáchtálann an Chomhairle Contae.		
	2.1.4	Bileog fhaisnéise agus taispeántas a chur le chéile faoin tSiúir mar phríomh-mhórbhealach Thiobraid Árann Theas, agus cóipeanna de leabhar saothair Shay Hurley a sheoladh do scoileanna áitiúla atá in aice na Siúire.		
	2.1.5	Bileoga faisnéise nua a chur le chéile faoin oidhreacht nádúrtha áitiúil (fiadhúlra agus geolaíoch).		
	2.1.6	Bileoga faisnéise nua, tarraingteacha ar ár n-oidhreacht seandálaíochta a chur le chéile, m.sh. ár mbailte múrtha agus treoracha faoi Mhainistreacha Athassel, Hore agus Kilcooly.		
	2.1.7	Tírdhreacha agus ionaid sheandálaíocha a chur chun cinn, iad siúd atá le fáil ar dhá thaobh de theorainn an Chontae (m.sh. Ardchrosa Oirdheiscirt Thiobraid Árann agus Iarthar Chill Chainnigh).		
	2.1.8	Leabhrán ar oidhreacht ailtireachta an Chontae a fhoilsiú (TSC an Chontae). An méid sin a chur ar an láithreán gréasáin.		

Cuspóir 2:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	2.1.9 Leabhrán agus léarscáileanna a fhoilsiú ar bhrí logainmneacha áitiúla, mar mhodh le tuiscint a fháil ar an tírdhreach, an fiadhúlra agus ar an stair dhaonna. É seo a chur ar fáil trí láithreán gréasáin na comhairle freisin. 2.1.10 Measúnú Carachtair Tírdhreacha de Thiobraid Árann Theas a fhoilsiú. 2.1.11 Bileoga faisnéise a fhoilsiú ar ghnéithe d'oidhreacht sheandálaíoch thionsclaíoch Thiobraid Árann Theas (mianadóireacht/cairéalacht, uiscebhealach na Siúire, muilte, bríbhéireacht/ceirtlis). 2.1.12 Córas agus gréasán áitiúil a fhorbairt do dháileadh bileog léimh, imeachta agus faisnéise, léarscáileanna 7rl, is cuma más foilseacháin áitiúla nó náisiúnta atá i gceist. 2.1.13 Leas a bhaint as na meáin le dlíthe fiadhúlra a chur chun cinn (m.sh. na dlíthe a bhaineann le fálta sceach a bhobáil agus crainn a leagan). 2.1.14 Úsáid inmharthana táirgí fálta sceach a chur chun cinn.		
2.2 Feasacht agus tuiscint ar ár n-oidhreacht a mhéadú i gcomhar le scoileanna agus coláistí	2.2.1 An méid scoileanna atá páirteach sa scéim "speisialtóirí oidhreachta i scoileanna" a mhéadú go 30 in aghaidh na bliana faoi 2008. 2.2.2 Pacáistí oideachais a fhorbairt le dháileadh saor in aisce do gach bunscoil agus meánscoil sa chontae d'fhonn cabhrú leo taighde a dhéanamh ar an stair áitiúil (paróiste). Láithreán gréasáin Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas a chur chun cinn mar acmhainn. 2.2.3 Tionscadal staire béil Chartlannaí na Comhairle Contae a chur chun cinn agus cabhrú leis.	Fóram Oidhreachta Cumann Múinteoirí Éireann Comhairle Oidhreachta Cumann Stairiúil Thiobraid Árann GTACSO Cartlannaí Institiúid Thiobraid Árann Iarsmalann an Chontae Comh-Leabharlanna Thiobraid Árann	Gearrthé armach

Cuspóir 2:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	2.2.4 Staidéar féidearthachta a chríochnú ar roinnt ionaid timpeallachta, oideachais allamuigh a fhorbairt. 2.2.5 Naisc a fhorbairt le Cláir Bhainistíochta Oidhreachta agus Oideachais Turasóireachta in institiúidí tríú leibhéal laistigh den chontae. 2.2.6 Naisc a fhorbairt le 'haonaid oidhreachta' in Institiúidí Tríú Leibhéal ar fud na tíre. 2.2.7 Laethanta Oiliúna Oidhreachta a reáchtáil do mhúinteoirí scoile, saineolaithe áitiúla a chur san áireamh (agus oiliúint a chur orthu).		
2.3 Cur leis an rochtain atá ag an uile dhuine ar ár n-oidhreacht	<u>Faisnéis feabhsaithe ar oidhreacht inrochtana a chur ar fáil</u> 2.3.1 Leabhráin a fhoilsiú faoi Shiúlóidí Comharthaithe agus Bealaí Áille agus a chinntiú go bhfuil na leabhráin seo ar fáil go forleathan (agus cinntiú gur féidir na slite a leanúint). 2.3.2 Faisnéis faoi chosáin Aifrinn (áit a n-aontaíonn úinéirí talún leis), Aifrinn amuigh faoin aer agus oilithreachtaí agus laethanta pátrúin a fhoilsiú agus na daoine a spreagadh le bheith páirteach sna himeachtaí seo. 2.3.3 An réimse leathan de nithe ar díol spéise iad do thurais lae i dTiobraid Árann Theas a chur chun cinn - na nithe ar fad a liostú ar díol spéise iad do thurasóirí, siúlóidí, radhairc, rotharbhealaí, iarsmalanna, imeachtaí, aontaí 7rl i leabhrán amháin, nó b'fhéidir foilseachán amháin do gach baile (m.sh. rudaí atá le feiceáil laistigh de dheich míle ó Chathair).	Fóram Oidhreachta Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas Cartlannaí Suirbhéireacht Ordanáis Éireann Coillte Seirbhís Fhoraoiseachta Institiúid Thiobraid Árann Iarsmalann an Chontae ETROD Deoisí Eagraíochtaí Deonacha Paróistí Piléar Feirmeoireachta Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt Slat Iascairí	Gearrthé armach

Cuspóir 2:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	2.3.4 An fhaisnéis ar fad a bhaineann le “nithe ar díol spéise iad do thurasóirí" a chur ar láithreán gréasáin na Comhairle Contae (nó naisc chuig suímh eile den chineál sin) ionas go mbeidh daoine in ann teacht ar an bhfaisnéis gan stró ar bith, fiú amháin ó thar lear.	Bord na Móna Comhairlí Baile agus Buirge Third Tipp Bgde CS FoTG	
	<u>Rochtain fhisiceach ar oidhreacht a fheabhsú</u> 2.3.5 Rochtain coisithe agus rothaithe ar ghnéithe oidhreachta a fheabhsú trí shlite nua a bhunú trí chomhaontuithe le húinéirí talún áitiúla, bealaí agus slite trí bhailte stairiúla agus feadh bhallaí bailte go háirithe. CSP nua a bhunú go dlíthiúil áit ar gá. 2.3.6 Feabhas a chur ar an Siúir d’úsáid fhóillíochta (bádóireacht, slat iascaireacht agus siúil nó rothaíocht cois abhann) agus ag an am céanna an fiadhúlra a chosaint. An cosán tarraingthe idir Cluain Meala agus Carraig na Siúire a athchóiriú. 2.3.7 Clár de CSP ceadaithe, cothabháilte a fhoilsiú, agus iad seo a chur ar léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis freisin. 2.3.8 Rochtain phoiblí ar choillearnach a chur chun cinn agus Páirceanna Foraoise nua a chur ar fáil. 2.3.9 Roinnt féarbhealaí agus rotharbhealaí a fhorbairt ar shean-iarnród (m.sh. chomh fada le Derrynaflan). 2.3.10 Slí Naomh Dhéagláin a athchóiriú an bealach ar fad ó Chaiseal go Lios Mór (Port Láirge). 2.3.11 Obair a dhéanamh le húinéirí talún atá sásta comhoibriú chun spreagadh agus cúnamh a thabhairt dóibh feabhas a chur, áit atá indéanta agus inmhianta, ar shaor-rochtain do choisithe ar réimsí oscailte sléibhe agus móintigh mar aon le ceantair cois abhann agus coillearnach.		Meánté armach go Fadtéar mach

Cuspóir 2:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	<u>Imeachtaí poiblí a eagrú</u> 2.3.12 A chinntiú go mbíonn Tiobraid Árann Theas páirteach in imeachtaí bolscaireachta cuí náisiúnta agus idirnáisiúnta (m.sh. Lá Domhanda na mBogach, Curfá Bhreacadh an Lae, An tSeachtain Oidhreachta). 2.3.13 Iniúchadh a dhéanamh ar an éileamh a bheadh ar sheirbhís siúlóide phoiblí le treoraí, inár mbailte i rith an tsamhraidh. 2.3.14 Bileog faisnéise faoi Sheachtain Oidhreachta an Chontae a fhoilsiú, a áiríonn raon leathan imeachtaí oidhreachta ar fud an Chontae, imeachtaí a bheidh á reáchtáil ag Comhairlí, scoileanna, séipéil, grúpaí pobail 7rl. mar aon leis an Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. 2.3.15 Tipperary Field Club a bhunú, cumann ina bheadh suim ag na baill i ngnéithe <u>uile</u> na hoidhreachta.		Gearrthé armach
	<u>Iarsmalann an Chontae a chur chun cinn agus a fheabhsú</u> 2.3.16 Oibriú lena chinntiú go mbíonn baint ag mianta mhuintir Thiobraid Árann Theas leis na rudaí a bhíonn le feiceáil san Iarsmalann agus sna taispeántais agus go gcuireann an Iarsmalann le hoideachas agus forbairt an phobail maidir lenár n-oidhreacht. 2.3.17 Spreagadh a thabhairt do dhaoine áitiúla ábhair a thabhairt d'Iarsmalann an Chontae (trí leas a bhaint as na meáin). 2.3.18 Feasacht faoi Choiste Comhairleach na hIarsmalainne Contae a chur chun cinn, rannpháirtíocht an phobail agus a ionadaithe tofa a mhéadú maidir le cinneadh a dhéanamh faoin ábhar ar cheart d'Iarsmalann an Chontae a chlúdach agus a chur ina thaispeántais agus faisnéis a chur ar fáil dá bheartas bailiúcháin.		Gearrthé armach

Cuspóir 2:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	2.3.19 Clúdach méadaithe den oidhreacht nádúrtha agus seandálaíochta in Iarsmalann an Chontae a chinntiú. 2.3.20 Ról an Chontae maidir le cogadh a chur agus an tsíocháin a choimeád a chur chun cinn, mar aon lenár stair mhíleata agus an t-amhrán a bhfuil cáil dhomhanda air (“It’s a long way to Tipperary”). <u>Seirbhís Chartlainne an Chontae a chur chun cinn agus a fheabhsú</u> 2.3.21 Spreagadh a thabhairt do dhaoine/eagraíochtaí áitiúla cáipéisí agus ábhar cartlainne eile a thabhairt do Chartlann an Chontae		Gearrthé armach

Cuspóir 3:

Caighdeáin an chleachtais is fearr i gcaomhnú agus bainistiú oidhreachta a chur chun cinn laistigh den chontae

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
3.1 An cleachtas reatha is fearr i gcaomhnú agus bainistiú oidhreachta a chur chun cinn laistigh d'Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Theas	<u>An cleachtas is fearr a chinntiú i ngníomhaíochtaí uile na nÚdarás Áitiúil</u> 3.1.1 Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a chur le chéile do Thiobraid Árann Theas. 3.1.2 Luacháil Oidhreachta a dhéanamh ar na dréacht-phleananna forbartha uile agus athruithe a dhéanamh más gá. 3.1.3 Comhairle a thabhairt don chúig Chomhairle Contae i dTiobraid Árann Theas maidir le ceisteanna oidhreachta a bhaineann le hiarratais phleanála. 3.1.4 Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí na Comhairle féin lena chinntiú go bhfuil ár n-oidhreacht á chosaint agus á fheabhsú agus go mbaintear amach na caighdeáin (ar a laghad) nach mór d'iarratasóirí seachtracha a bhaint amach. 3.1.5 Coiste comhairleach 'profa oidhreachta' a bhunú chun cúnamh a thabhairt do bhaill foirne atá freagrach as bóithre, seirbhísí sláintíochta agus tithíochta a phleanáil lena chinntiú nach ndéanann a scéimeanna molta (forbairt na Comhairle féin) damáiste don oidhreacht. 3.1.6 Oiliúint a chur ar bhaill foirne na Comhairle Contae agus ar Chomhairleoirí maidir leis an gcosaint atá riachtanach do ghnéithe uile dár n-oidhreacht agus na hoibleagáidí atá orthu cloí leis an dlí. 3.1.7 Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí le comhairle sheandálaíoch ghairmiúil a fháil do ghrúpa na gComhairlí. 3.1.8 "Coiste Comhairleach Contae ar Logainmneacha agus Comharthaíocht" a bhunú le cruinneas na gcomharthaí bóthair Gaeilge agus feiliúnacht na n-ainmneacha molta do na heastáit nua agus forbairtí eile a chinntiú agus go háirithe chun úsáid agus coimeád na n-ainmneacha áitiúla agus na mbailte fearainn a choinneáil (na leaganacha Gaeilge san áireamh).	Comhairle Oidhreachta Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas Coiste Gairmoideachais An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra Seirbhís Fhoraoiseachta Iarsmalann an Chontae NEW Comhairle Oidhreachta Oifigeach Gaeilge, Comhairlí Baile agus Buirge GMM Coillte Third Tipp Bgde CS	Gearrthé armach go Méantéar mach

Cuspóir 3:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	3.1.9 Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí le hoifigeach forbartha Gaeilge a fhostú le comhairle a thabhairt do na Comhairlí 7rl. 3.1.10 Spéir oíche Thiobraid Árann Theas a chosaint ó shoilsiú mífheiliúnach, sult a bhaint as spéir na hoíche a chur chun cinn mar aon le himeachtaí réalteolaíocha a reáchtáil, le linn na Seachtaine Oidhreachta más féidir é. 3.1.11 Tús a chur le Ráiteas Dearaidh Sráidbhaile a chur le chéile. 3.1.12 Straitéis Áineasa agus Fóillíochta a chur le chéile don Chontae (Spraoi, Spóirt, Turasóireacht, Bádóireacht, Siúil, Rothaíocht, nithe ar díol spéise iad do thurasóirí, margaí agus aontaí, siamsaíocht amuigh faoin aer). 3.1.13 Ainmniú na suíomh fiadhúlra ar fad a chríochnú (pNHA, cSAC agus cSPA) chomh luath agus is féidir, lena n-áirítear úinéirí talún cuí a chur ar an eolas maidir leis na hoibleagáidí agus na freagrachtaí atá orthu. 3.1.14 Ainmniú suímh a fhorbairt do shuímh fhiadhúlra a mbaineann tábhacht oidhreachta Contae (amháin) leo. 3.1.15 Úsáid a bhaint as Measúnú Carachtair Tírdhreacha Contae mar uirlis phleanála lena chinntiú go bhfuil an fhorbairt ar fad feiliúnach dá suíomh. 3.1.16 Iniúchadh a dhéanamh ar roghanna bainistíochta do morán dár gceantair ardtailte (ainmniúcháin chosanta bhreise san áireamh), mar atá molta sa Mheasúnú Carachtair Tírdhreacha. 3.1.17 Sléibhte an Chontae a chosaint ó dhamáiste ó Cheathair Rothaí agus gluaisrothair (trí Fhodhlí b'fhéidir). 3.1.18 Sléibhte an Chontae a chosaint trí chosáin siúil, cosáin agus bealaí a athchóiriú.		

Cuspóir 3:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	3.1.19 Straitéis Fhoraoise Ionchomharthach a chur le chéile. 3.1.20 Spreagadh a thabhairt d'úinéirí talún iarchoillte leathanduilleacha a athchóiriú de réir mar a leagtar plandálacha cónaiféar. 3.1.21 Treoirlínte rialaithe forbartha a athrú ionas nach riachtanas loicthe d'fhorbairt tuaithe é fáil réidh le teorainneacha cois bóthair (fálta sceach). 3.1.22 Rudaí eile a chur in áit fhálta roghnaithe áit ar ghearr an tÚdarás Áitiúil iad d'fhonn athlíniú bóthair a éascú agus áit ar chur siad sconsaí sreinge nó blocbhallaí ina n-ionad (amhail CDP 1990). 3.1.23 Úsáid speicis de chrainn dhúchasacha a chur chun cinn i scéimeanna plandála, crainnte a fhástar ó shíolta áitiúla 3.1.24 Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí maoinithe le deis a thabhairt do Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas oifigeach rochtana a fhostú ar chonradh dhá bhliana, le clár rochtana, comhaontaithe Cearta Slí Poiblí. 3.1.25 Clár cothabhála cosán a bhunú. 3.1.26 Cinneadh a dhéanamh go mbeadh Coiste Comhairleach Leachtanna Stairiúla an Chontae ag teach le chéile go rialta. 3.1.27 Tacú le cothabháil leachtanna an Chontae ó Chogadh na Saoirse agus an Cogadh Cathartha agus feachtais mhíleata eile a chothabháil. 3.1.28 Laethanta oiliúna, idirchaidrimh agus faisnéise rialta a eagrú do na gníomhaireachtaí stáit uile a bhfuil baint acu le saincheisteanna caomhnaithe oidhreachta. Bheadh baill foirne ó na heagraíochtaí seo a leanas i gceist: Comhairlí Contae, Baile agus Buirge, Coillte, An tSeirbhís Fhoraoiseachta, Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt, An Garda Síochána; Boird Sláinte; An tÚdarás		

Cuspóir 3:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	Réigiúnach; an RCORA, an Ghníomhaireacht Chomhshaoil, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Teagasc agus eagraíochtaí oidhreachta stáit. <u>Bainistíocht talún faoi úinéireacht na Comhairle a fheabhsú</u> 3.1.29 Feabhas a chur ar bhainistíocht talún ar leis an Chomhairle é (reiligí, páirceanna agus gairdíní do fhiadhúlra). Cuir bainistíocht fhiadhúlra san áireamh sa chlár cothabhála reilige. 3.1.30 Tionscadal léirsithe a bhunú le forbairt a dhéanamh ar shaineolas teicniúil agus chun oiliúint a chur ar oibrithe deonacha áitiúla maidir le seanfhoirgnimh a chobhsú, seanséipéil i reiligí atá faoi úinéireacht na Comhairle san áireamh. 3.1.31 Lótaí beathaithe éan a chruthú ar thalamh faoi úinéireacht na Comhairle atá folamh faoi láthair. 3.1.32 Móinéir bláthanna léana a chruthú ar shuímh fheiliúnacha atá faoi úinéireacht na Comhairle.		Gearrthé armach
3.2 Caighdeáin chaomhnaithe oidreachta a ardú i measc gairmithe agus cleachtóirí	3.2.1 Feasacht an phobail ar dhlíthe cosanta pleanála agus oidhreachta a mhéadú mar aon leis na freagrachtaí agus oibleagáidí dlíthiúla atá ar na Comhairlí agus comhlachtaí stáit cosúil leis an Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra faoi na dlíthe seo. 3.2.2 Cóipeanna de na foilseacháin a bhfuil liostaí iontu de na ‘suímh’ ainmnithe agus liostaithe ar fad sa Chontae a sheoladh chuig gníomhairí eastáit agus pleanála, ailtirí agus innealtóirí comhairleacha atá gníomhach go háitiúil.	Fóram Oidhreachta An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra Comhairle Oidhreachta SNMS Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas Bord na Móna Piléar Feirmeoireachta Craft Granary An Taisce	Gearrthé armach

Cuspóir 3:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	3.2.3 Scríobh chuig úinéirí agus áititheoirí na suíomh nó maoine liostaithe go bliantúil ar a laghad, lena chinntiú go bhfuil a fhios ag úinéirí i gcónaí go bhfuil a suímh liostaithe (cuir nuachtlitir rialta amach?).	Birdwatch Ireland Coillte NfN Irish Wildlife Trust	
	3.2.4 Spreagadh a thabhairt do dhaoine meas a bheith acu ar ailtireacht thraidisiúnta, dhúchasach Thiobraid Árann Theas agus dul in oiriúint le húsáid a bhaint as seanfhoirgnimh.		
	3.2.5 Spreagadh a thabhairt do dhaoine seantithe (tithe ceann tuí san áireamh) a chaomhnú. Insint do na húinéirí seo faoi na deontais atá le fáil (fad is a bhíonn stocaireacht ar siúl do mhéadú sna deontais seo). Liosta a choinneáil de cheardaithe a bhíonn ag tógáil tithe.		Fadtéar mach
	3.2.6 Cabhrú le húinéirí maoine deontais a fháil. Monatóireacht a dhéanamh ar chuid Thiobraid Árann Theas de na scéimeanna deontais oidhreachta cuí agus í mar aidhm í seo a ardú bliain i ndiaidh bliana go dtí dhá oiread an ráta boilscithe.		
	3.2.7 Grinn-suirbhéanna a dhéanamh ar choinníoll agus costas athchóiriú na leachtanna roghnaithe, 'Mainistir' Athassel san áireamh, a aithníodh sa World Monument Watch 2004.		
	3.2.8 Mórphlean a fhorbairt d'úsáid ceantar tochailte Phortach an Bhaile Bhig, cuid de chomharbas dríodair iaroighreach an Bhaile Bhig agus bogach ollmhór a chruthú le héin fhiáine a mhealladh, agus b'fhéidir ionad oideachais chomhshaoil a chruthú.		
	3.2.9 Spreagadh a thabhairt d'fheirmeoirí agus úinéirí talún áitiúla feabhas a chur ar bhainistíocht na ngnáthóg féaraigh atá cois aibhneacha cosanta an chontae (cSAC), boscaí neide a chrochadh don scréachóg reilige, pluaiseanna saorga don dobharchú		

Cuspóir 3:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	agus uachaisí a chur ar fáil don mhurlach mara. 3.2.10 Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht de lotaí de thalamh beathaithe éan a chruthú ar thalamh atá curtha ar leataobh. 3.2.11 Idirdhealú a dhéanamh idir na daoine a bhaineann taitneamh as suaimhneas na tuaithe agus na daoine a bhaineann taitneamh as áineas torannach atá bunaithe ar mheaisín (m.sh. crúbadach gluaisrothair, ceathair rothaí, rasaíocht carranna railí). Áineas thorannach a choinneáil amach ó cheantair nádúrtha nach bhfuil millte agus a tharraingt i dtreo áiseanna atá deartha agus tógtha go speisialta dá leithéid. <u>Scileanna a choinneáil agus fheabhsú</u> 3.2.12 Cúrsaí oiliúna sna scileanna ceirde traidisiúnta a reáchtáil (caoladóireacht, déanamh báid agus feilte). 3.2.13 Cúrsaí/seimineáir oiliúna i scileanna traidisiúnta a reáchtáil do chonraitheoirí tógála. 3.2.14 Seimineáir rialta a eagrú ar chaomhnú agus bainistiú na bhfál sceach.		Gearrthé armach
3.3 Iarracht dheonach agus phoiblí a líonrú agus a éascú	3.3.1 Tacú le foilseacháin ábhartha ó chumainn agus ghrúpaí áitiúla oidhreachta. 3.3.2 Treoir agus tacaíocht a thabhairt do na hiarsmalanna agus bailiúcháin neamhspleácha sa Chontae. Tacaíocht agus maoiniú gairmiúil leanúnach a chur ar fáil d'iarsmalanna príobháideacha, cosúil le hIonad Oidhreachta Charraig na Siúire, Daon-Sráidbhaile Chaiseal, Iarsmalann Iompair Chluain Meala, Iarsmalann Iompar Fhiodh Ard agus Leabharlann Bolton, Caiseal, má tá sé riachtanach agus inmhianta.	Fóram Oidhreachta Comhairle Oidhreachta GTACSO Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas FPDTÁT Seirbhís Fhoraoiseachta Iarsmalann an Chontae SNMS	Gearrthé armach

Cuspóir 3:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	3.3.3 Bunachar sonraí suas chun dáta de na Cumainn Stairiúla agus Oidhreachta ar fad i dTiobraid Árann a chur le chéile agus é a sheoladh chuig na grúpaí oidhreachta éagsúla go bliantúil. 3.3.4 Líonrú na ngrúpaí oidhreachta uile i 'gcontae traidisiúnta' Thiobraid Árann a éascú tríd an Líonra de Chumainn Oidhreachta agus Stairiúla Thiobraid Árann, (foghrúpa den Fhóram Oidhreachta). 3.3.5 Liosta bliantúil de na cainteanna a tugadh ag imeachtaí Chumainn Stairiúla áitiúla a chur ar fáil. 3.3.6 Treoir agus comhairle a thabhairt do ghrúpaí reilige áitiúla agus grúpaí pobal-bhunaithe eile maidir le cúram agus bainistíocht reiligí agus sean-struchtúir eile laistigh de na reiligí sin. 3.3.7 Treoir agus comhairle a thabhairt d'úinéirí maoine agus grúpaí pobail deonacha maidir le hathchóiriú foirgneamh (seimineáir, ceardlanna, nuachtlitreacha). Cur ar a gcumas tabhairt faoi obair athchóirithe ar bhealach a fhaigheann cead an SNMS. 3.3.8 Líonra de ghrúpaí pobail áitiúla a fhorbairt. Cur lena ngairmiúlacht agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt dóibh nuair a bhíonn siad ag déanamh iarratais ar chúnamh deontais 7rl. Idirchaidreamh rialta a dhéanamh leis na daoine seo. 3.3.9 Cúrsa a reáchtáil do ghrúpaí deonacha ar 'rath in iarraidh ar dheontais'. 3.3.10 Seimineár lae a eagrú go bliantúil le Gréasán Thiobraid Árann de Chumainn Oidhreachta agus Stairiúla agus baill foirne ó na comhlachtaí oifigiúla a bhfuil baint acu le nithe oidhreachta a thabhairt le chéile, mar shampla, an dá Oifigeach Oidhreachta, Pleanálaithe, Gníomhaireachtaí Stáit a bhfuil baint acu le		

Cuspóir 3:

(ar lean)

Spriocanna	Príomh-Ghníomhaíochtaí	Comhpháirtithe Molta	Dlite
	hoidhreacht, An Taisce, Roinn na Staidéar Áitiúil sa Leabharlann Chontae (Durlas) agus ionadaithe ón dá chomhairle contae. Bheadh an seimineár seo á eagrú ag cumann stairiúil áitiúil nó cumann oidhreachta eile. 3.3.11 Tacú leis na Bailte Slachtmhara, Golden Mile agus scéimeanna Reilige na mBailte Slachtmhara agus an fiadhúlra a fheabhsú. 3.3.12 Dlúth-chomhordú agus sruthlíniú na gcomhlachtaí oifigiúla a bhfuil baint acu le hoidhreacht agus na Cumainn Stairiúla a éascú, d'fhonn ábhair agus foirgnimh sheandálaíochta a chaomhnú, a thaifeadadh agus a chothabháil. Cruinnithe faisnéise rialta a reáchtáil. 3.3.13 Tionscnaimh na Seirbhíse Foraoiseachta a chur chun cinn, lena n-áirítear scéimeanna Coillearnacha Dúchasacha agus NeighbourWood 3.3.14 Tacú le Galtee Mountain Meitheal sna hiarrachtaí atá ar bun acu leis an damáiste a dhéanann coisithe a laghdú.		

Aguisín 1- An Próiseas de Phlean Oidhreachta Thiobraid Árann Theas a fhorbairt

Dáta	Gníomhaíocht
Meán Fómhair 2002	Toirbheart Oifigeach Oidhreachta an Chontae d'Fhoireann Bhainistíochta na Comhairle Contae agus don Choiste Beartais Straitéisigh ar Phleanáil Fhisiceach agus an Chomhshaoil Formheas tugtha do Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas a bhunú agus tús a chur leis an bpróiseas a bhaineann le Plean Oidhreachta Contae a fhorbairt, faoi threoirlínte na Comhairle Oidhreachta.
Samhain 2002	An chéad chruinniú d'Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas. Grúpaí oibre bunaithe ar oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht tógtha.
Nollaig 2002	Cruinnithe na nGrúpaí Oibre ar Oidhreacht Nádúrtha agus Oidhreacht Tógtha. Gréasán de chumainn stairiúla atá ag feidhmiú i dTiobraid Árann Theas (GTACSO) a eagrú agus tús a chur le cruinnithe rialta chun na cuspóirí atá acu a chur san áireamh sa Phlean.
Eanáir 2003	An dara cruinniú d'Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas.
Lár mhí Feabhra go lár mhí an Mhárta 2003	Reáchtáladh ocht gcruinniú comhairlithe poiblí i mbailte agus sráidbhailte ar fud Thiobraid Árann Theas. D'fhreastail níos mó ná 100 duine ar na cruinnithe sin.
Deireadh mhí an Mhárta 2003	An tríú cruinniú d'Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas. Ag an gcruinniú seo rinneadh torthaí na gcruinnithe comhairlithe poiblí a reáchtáladh an mhí roimhe sin a mheas.
Aibreán/ Bealtaine 2003	Dréachtú an Phlean Oidhreachta, bunaithe ar na saincheisteanna a pléadh i rith an chomhairlithe poiblí agus trí aighneachtaí.
Meitheamh 2003	An ceathrú cruinniú den Fhóram Oidhreachta. Plé ar an nDréacht-Phlean mar a chur an tOifigeach Oidhreachta i láthair é. Roinnt athbhreithnithe molta.

Date	Action
Meán Fómhair 2003	An cúigiú cruinniú den Fhóram Oidhreachta. Ceadaíodh an Dréacht-Phlean athbhreithnithe
Samhain 2003 go Eanáir 2004.	Ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas, Buirg Chluain Meala agus na trí Chomhairlí Baile leis an Dréacht-Phlean Oidhreachta. Tréimhse chomhairlithe ceithre sheachtaine (lár mhí na Samhna go lár mhí na Nollag) fógartha sna nuachtáin áitiúla. San áireamh mar chomhairliú tá an tOifigeach Oidhreachta ag scríobh chuig páirtithe leasmhara.
Eanáir go Lúnasa 2004	Tar éis an chomhairlithe poiblí, moladh athbhreithnithe ar an Dréacht-Phlean (bunaithe ar aighneachtaí scríofa amháin).
Lúnasa 2004	An séú cruinniú den Fhóram Oidhreachta. Glacadh le dréacht dheiridh an Phlean.
Deireadh Fómhair 2004	Ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas agus Comhairle Buirge Chluain Meala leis an bPlean Oidhreachta Dheireanaigh.
Samhain go Nollaig 2004	Ghlac Comhairlí Baile Charraig na Siúire, Thiobraid Árann agus Chaiseal leis an bPlean Oidhreachta Dheireanaigh.

Aguisín 2 - Ballraíocht d'Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann Theas

Grúpa comhairleach, neamh reachtúil is ea an Fóram Oidhreachta, bunaithe ag Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas chun comhairle a chur ar fáil di maidir le Plean Oidhreachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tá an Fóram Oidhreachta déanta suas de bhaill de chomhlachtaí agus ghrúpaí ó cheithre phríomhearnáil (ar an gcuma chéanna leis na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Sóisialta Náisiúnta): Rialtas Áitiúil; Comhlachtaí Forbartha Áitiúla (LEADER 7rl.); an earnáil Reachtúil agus na 'Páirtithe Sóisialta' (Gnóthaí, Ceardchumainn; Piléir Fheirmeoireachta, Phobail agus Dheonacha).

Earnáil an Rialtais Áitiúil	Tá tUasal (iar-chomhairleoir) Brendan Griffin mar Chathaoirleach ar an bhFóram, ball tofa (go dtí Meitheamh 2004, nuair a éirigh sé as) de Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas agus de Chomhairle Baile Thiobraid Árainn. Rinne an Comhairleoir Jim Drohan ionadú ar Chomhairle Baile Charraig na Siúire go dtí Meitheamh 2004, nuair a tháinig an Comhairleoir nua-thofa Patsy Fitzgerald in áit (a bhí roimhe sin ina bhall ionaid den Philéar Deonach agus Pobail).
Earnáil Fhorbartha Áitiúil	Tá Isobel Cambie Uasal de chomhlacht LEADER Thiobraid Árann mar ionadaí ar na Comhlachtaí Forbartha Áitiúil.
Earnáil Reachtúil	Tá an Earnáil Reachtúil ionadaithe ag: An tUasal Barry O'Reilly den FNOA (Seandálaíocht /Ailtireacht) An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid an RCORA Fionuala McGeever Uasal, CGO Thiobraid Árann Theas Mary O'Halloran Uasal, Eagraíocht Turasóireachta Réigiún an Oirdheiscirt An tUasal Adrian O'Callaghan, Teagasc An tUasal Pat Harrington, Coillte
bPáirtithe Sóisialta	**Piléar Gnó** – An tUasal Hubert Burke / Elaine McGowran, Cumann Tráchtála Chluain Meala
	Piléar na gCeardchumann – Josephine Chamney Uasal, Cumann Trádála Chluain Meala
	Piléar Feirmeoireachta – An tUasal Dan Fox, IFA

bPáirtithe Sóisialta ***(ar lean)***	**Piléar Pobail agus Deonach** De bharr castacht an 'Philéir' seo d'Earnáil na bPáirtithe Sóisialta' agus an baint phearsanta, dhíreach a bhí ag mórán daoine agus eagraíochtaí le saincheisteanna oidhreachta, toghadh a mBaill den Fhóram mar ionadaithe ar thrí fo-earnálacha ag cruinnithe a tionóladh go speisialta agus a bhfuair gach comhlacht cuireadh chucu. Toghadh triúir bhall agus toghadh ionadaí chomh maith do gach fo-earnáil: <u>Grúpaí Forbartha Pobail</u>: ionadaí An tUasal Francis Carrigan ionadaí Ann Pollard Uasal <u>Cumainn Staire Áitiúla:</u> ionadaí Noreen Higgins Uasal (Leas-Chathaoirleach) ionadaí An tUasal Patsy Fitzgerald (Comhairleoir ina dhiaidh sin) <u>Cumainn Fhiadhúlra:</u> ionadaí An tUasal Dan Hogan (Leas-Chathaoirleach) ionadaí An tUasal Richard Auler

Aguisín 3 - Reachtaíocht Ábhartha Oidhreachta Náisiúnta Agus AE

Reachtaíocht Phleanála agus Oidhreacht Tógtha	▪ Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) (FNOA), 1999 ▪ Rialtas Áitiúil (Achtanna Pleanála agus Forbartha, 1963-1999) ▪ An tAcht Pleanála agus Forbartha, 2000 ▪ An tAcht Oidhreachta, 1995 ▪ Treoir AE 85/337/CEE – maidir le Measúnacht ar Thionchar Timpeallachta ▪ Treoir AE 2001/42/CE – maidir le Measúnacht Timpeallachta Straitéiseach
Seandálaíocht agus Ábhair Sheandálaíocha	▪ An tAcht Séadchomharthaí 1930 agus na leasuithe de 1954, 1987 agus 1994. ▪ An tAcht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997.
Oidhreacht Nádúrtha	▪ An tAcht Fiadhúlra, 1976. ▪ An tAcht Fiadhúlra (Leasú), 2000. ▪ Treoir Éanlaithe AE (Treoir Comhairle 79/409/CEE), 1979 (aistrithe 1985). ▪ Treoir Gnáthóga AE (Treoir Chomhairle 92/43/CEE), 1992 (Aistrithe 1997).
Ábhair Oidhreachta / Iarsmalanna agus Cartlanna	▪ An tAcht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, 1997. ▪ Acht Rialtais Áitiúil, 1994
Tírdhreacha agus Gairdíní Oidhreachta agus Páirceanna	▪ Rialtas Áitiúil (Achtanna Pleanála agus Forbartha, 1963-1999). ▪ An tAcht Pleanála agus Forbartha, 2000.
Cartlainn agus Taifid a Bhainistiú	▪ Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 ▪ An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1988 ▪ Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) Rialacháin 1998 ▪ Achtanna Rialtais Áitiúil, 1994 agus 2001 ▪ An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ▪ An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 ▪ An tAcht R-Thráchtála, 1999 ▪ An tAcht Pleanála agus Forbartha, 2000 ▪ An tAcht Sláinte agus Sábháilteachta, 1989 ▪ An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 ▪ ISO 15489, 2001

Comhdhálacha Idirnáisiúnta	▪ UNESCO Comhdháil ar son Cultúir Dhomhanda agus Oidhreacht Nádúrtha a chosaint (ceangailte 1992).
Archaeology	▪ Comhdháil Eorpach ar Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint (Comhdháil Valletta), 1997.
Ailtireacht	▪ Comhdháil Eorpach ar Oidhreacht Ailtireachta a Chosaint (Comhdháil Granada), 1997. ▪ Cairt Burra glactha 1999.
Oidhreacht Nádúrtha	▪ Comhdháil ar Fhiadhúlra agus Gnáthóga Nádúrtha na hEorpa a Chaomhnú (Comhdháil Berne), 1979 (ceangailte, 1982) ▪ Comhdháil ar Speiceas Imirce d'Ainmhithe Fiáine a Chaomhnú (Comhdháil Bonn), 1979 (ceangailte, 1983) ▪ Comhaontas ar Sciatháin Leathair san Eoraip a Chaomhnú (Comhdháil Bonn), 1993 (ceangailte, 1995) ▪ Comhdháil ar Bhogaigh le Tábhacht Idirnáisiúnta (Comhdháil Ramsar), 1971 (ceangailte, 1984) ▪ Comhdháil ar Éagsúlacht Bitheolaíoch, 1992 (ceangailte, 1996) ▪ Comhdháil ar Thrádáil Idirnáisiúnta i Speiceas i mBaol (CITES), 1974. ▪ Comhaontas ar Éanlaithe Uisce Imirceacha Eoráiseach-Afraiceach a Chaomhnú (AEWA) (Comhdháil Bonn), 1996. ▪ Comhaontas Adhmaid Trópaiceach Idirnáisiúnta 1994, (1996). ▪ Straitéis Éagsúlachta Tírdhreacha agus Bitheolaíochta Pan-Eorpach, (ceangailte 1995).
Tírdhreach	▪ Comhdháil ar Thírdhreach na hEorpa, 2000, (ceangailte, 2002)

Aguisín 4 - Leabharliosta

- An Plean Oidhreachta Náisiúnta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, 2002
- An Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, 2002
- Recorded Monuments of County Tipperary, South Riding, Archeological Survey of Ireland, Oifig na nOibreacha Poiblí, 1998
- Plean Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2002
- Plean Oidhreachta Laoise, Comhairle Contae Laoise, 2002
- Plean Oidhreachta Uíbh Fhailí, Comhairle Contae Uíbh Fhailí, 2002 (gan foilsiú)
- Plean Oidhreachta Shligigh, Comhairle Contae Shligigh, 2002
- Plean Oidhreachta Cheatharlach, Comhairle Contae Cheatharlach, 2003
- Plean Oidhreachta an Chláir, Comhairle Contae an Chláir, 2003
- Plean Oidhreachta na hIarmhí, Comhairle Contae na hIarmhí, 2003
- Plean Oidhreachta Chill Mantáin. Comhairle Contae Chill Mhantáin, 2004
- A Methodology for Local Authority Heritage Officers on the Preparation of County / City Heritage Plans, An Chomhairle Oidhreachta, gan foilsiú.
- Framework and Principals for the Protection of the Archaeological Heritage, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, 1999
- Architectural Heritage Protection – Guidelines for Planning Authorities, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, 2002
- Evaluation of Environmental Designations in Ireland, An Chomhaile Oidhreachta, 1996
- Guidelines for the Developing & Marking of Waymarked Ways, An Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Spóirt na hÉireann, 2002
- County Tipperary (South Riding) – The Urban Archaeology Survey, Oifig na nOibreacha Poiblí, 1993
- Wexford Heritage and the Challenge of Change, County Wexford Partnership, 2001
- The Care & Conservation of Graveyards, Dúchas – An tSeirbhís Oidhreachta, 1997
- Landscape Characterisation Assessment – DEHLG Draft Guidelines, 2000.